CEACHT 27

AINTÍN MÁIRE



Pictiúr: Radharc:

Sa seomra suite, Mamaí, Páid agus Bríd ag fáiltiú roimh Aintín Máire, mála mór le cur i láimh na haintín, radharc tuaithe, bus, bosca seacláide; Comhartha ceiste, cupán tae, staighre, an mála i láimh Pháid, le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Is í Máire aintín na leanaí. Tá sí ina cónaí faoin tuath.* Tháinig sí ar cuairt. Ar an mbus a tháinig sí. Bhí mála trom aici.

Sa bhaile mór, más mian.

Agallamh

MAMAÍ: Fáilte romhat, a Mháire. Conas atá tú? (Cén chaoi a bhfuil tú?)
MÁIRE: Táim go maith, go raibh maith agat.
MAMAÍ: Bain díot do chóta agus beidh cupán tae againn.
PÁID: Tabharfaidh mé do mhála suas an staighre, a aintín.
MÁIRE: Maith an buachaill, a Pháid.

Cuntas Reatha

Thug Aintín Máire bosca seacláide do na leanaí. Bhí áthas mór orthu.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cé hí an duine seo?
Cá bhfuil sí ina cónaí?
Céard a rinne sí?
I gcarr a tháinig sí, is dócha?
Bhí rud éigin ina láimh aici?

Cuir fáilte roimpi, a "Mhamaí".
Cuir ceist uirthi anois.
Inis di, a "aintín".
Bhuel, a "Mhamaí", céard faoin gcóta agus céard faoin tae?
Déanfaidh tusa rud éigin leis an mála, a "Pháid"?
Labhair go deas leis, a "aintín".

Thug Aintín Máire rud éigin do na leanaí?
Bhí brón orthu, is dócha?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Is *í Máire aintín* na leanaí.
   (*Bríd/deirfiúr, Páid/deartháir, Nóra/seanmháthair, Tomás/seanathair*).
2. *Tháinig* sí ar cuairt.
   (*gach lá, amárach, cúpla lá ó shin;* níor, ar? *inné;* an? ní: *amárach*).
3. Bhí mála trom *aici*.
   (*mise, tusa, eisean, sibh, sinn, iadsan, Máire, an cailín*).
4. Thug Aintín Máire bosca seacláide *do na leanaí*.
   (*mise, tusa, eisean, ise, sinn, iadsan, Páid*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Bríd ag insint dá cara, Máire, faoi chuairt a haintín.
3. Dráma:
   Mamaí agus na leanaí ag dul ar cuairt go teach Aintín Máire.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tháinig Aintín Máire ar cuairt inné,
Ar cuairt inné, ar cuairt inné,
Tháinig Aintín Máire ar cuairt inné,
Fáilte romhat, a Aintín.

II

Tháinig Aintín Máire ar cuairt inné
Is thug bosca milseán léi,
Bhí áthas mór ar Bhríd 's ar Pháid
Nuair a chonaic siad na milseáin.